AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2024
C(2024) 8083 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 25.11.2024**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 a mhéid a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme scéim cabhrach an Aontais chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais.**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá na Ballstáit lena dtuarascálacha faireacháin bliantúla ar chur chun feidhme na scéime scoile (‘an scéim’) a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Eanáir den bhliain féilire tar éis dheireadh na scoilbhliana lena mbaineann.

Sna staidéir tacaíochta meastóireachta a rinneadh in 2023, sainaithníodh an t-ualach riaracháin a bhíonn i gceist le faireachán mar cheann de na tosca a chuireann teorainn le héifeachtúlacht na scéime. Ar leibhéal na mBallstát, le tuairisciú ar chur chun feidhme na Scéime is mó a bhaineann an t-ualach. Ar leibhéal sheirbhísí an Choimisiúin, caitear méid suntasach ama ar shoiléirithe a iarraidh ar na Ballstáit maidir lena dtuarascálacha faireacháin bliantúla.

Dá bhrí sin, chun an rómhaorlathas a laghdú, ba cheart an tuairisciú ar chur chun feidhme na scéime a shimpliú tríd an bhfaisnéis éigeantach lena háireamh sna tuarascálacha faireacháin bliantúla a laghdú a mhéid is féidir, gan aidhm an fhaireacháin a chur i mbaol (i.e. an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na scéime a léiriú).

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinneadh comhairliúchán, lena raibh baint ag saineolaithe ó gach ceann de na 27 mBallstát, laistigh den Ghrúpa Saineolaithe um Margaí Talmhaíochta, go háirithe maidir le gnéithe a thagann faoin Rialachán maidir le CEM Aonair: An foghrúpa ‘Táirgí de Bhunadh Ainmmhíoch’, i gcruinnithe an 23 Bealtaine 2024, an 20 Meitheamh 2024, an 18 Iúil 2024 agus an 29 Lúnasa 2024. Sna cruinnithe sin bhíothas in ann an leasú a beartaíodh ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 ón gCoimisiún a chur in iúl, chomh maith le tuairimí a mhalartú leis na saineolaithe.

Cuireadh an dréachtrialachán tarmligthe in airde ar thairseach an Choimisiúin Eorpaigh ‘Cloisimis uait’ ón 2 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2024 chun tuairimí na saoránach agus na bpáirtithe leasmhara a bhailiú. Fuarthas aiseolas ó cheithre pháirtí leasmhara. Thacaigh páirtí leasmhar amháin leis an tionscnamh, agus d’iarr páirtí amháin go ndéanfaí an scéim a shimpliú tuilleadh chun an t-ualach ar na soláthróirí a laghdú. Mar sin féin, baineann an simpliú sin le cur chun feidhme na scéime ar leibhéal na mBallstát. Bhí dhá pháirtí leasmhar ag a raibh iarrataí agus moltaí a chuaigh thar raon feidhme an ghnímh seo toisc go mbaineann siad leis na rialacha maidir le dearadh scéim scoile an Aontais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

De bhun Airteagal 24(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a scéime scoile. De bhun Airteagal 223(2)(a) den Rialachán céanna, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos nádúr agus cineál na faisnéise a bhfuil fógra le tabhairt ina leith.

Cuirtear an gníomh tarmligthe seo in ionad Airteagal 9(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe a eisiamh ó na tuarascálacha bliantúla faireacháin atá le cur isteach ag na Ballstáit.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 25.11.2024**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 a mhéid a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme scéim cabhrach an Aontais chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais.**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 24(2), pointe (b), agus Airteagal 223(2), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 ón gCoimisiún[2], ceanglaítear ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme scéim cabhrach an Aontais chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais (‘scéim scoile’) agus faisnéis shonrach a áireamh ina dtuarascálacha faireacháin bliantúla.

(2) Faisnéis áirithe, amhail meánphraghas na sciartha, nó an fhaisnéis faoi na húdaráis agus na páirtithe leasmhara lena mbaineann, níl sí riachtanach chun faireachán cuí a dhéanamh ar an scéim scoile. Chun an t-ualach riaracháin a mhaolú, níor cheart an fhaisnéis sin a sholáthar a thuilleadh. Faisnéis eile, amhail minicíocht seachadta na dtáirgí, ba cheart í a shimpliú.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Áireofar sna tuarascálacha faireacháin bliantúla ó na Ballstáit faisnéis faoi na cistí a úsáidtear chun gach ceann de na grúpaí táirgí a liostaítear in Airteagal 23(3), (4) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a sholáthar agus a dháileadh agus, i gcás na mbeart oideachais tionlacain, faoi líon na bhforas oideachais agus na leanaí atá rannpháirteach sa scéim scoile, faoi mheánmhéid na sciartha agus faoi líon na sciartha a seachadadh, faoi

---

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cabhair ón Aontas chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún (IO L 5, 10.1.2017, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/40/oj).

chainníochtaí na dtáirgí a soláthraíodh arna miondealú de réir grúpaí táirgí agus, más infheidhme, faoi chainníochtaí na dtáirgí seachas na táirgí sin a liostaítear in Airteagal 23(3), (4) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a áirítear faoi na bearta oideachais tionlacain i gcomhréir le hAirteagal 23(7) den Rialachán sin, agus faoi na cineálacha cumarsáide agus na bearta tionlacain arna gcur chun feidhme.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25.11.2024

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*